



OIFIG AN CHOIMISINÉARA TEANGA

RÁITEAS STRAITÉISE

Feabhra 2020 – Eanáir 2023

CLÁR AN ÁBHAIR

1. Réamhrá	Ich 3
2. Feidhmeanna	Ich 4
3. Ráiteas Misin agus Luachanna	Ich 5
4. Timpeallacht: Láidreachtaí agus Dúshláin	Ich 7
5. Spriocanna Ardleibhéil	Ich 11
6. Cur i bhFeidhm	Ich 13
7. Monatóireacht agus Athbhreithniú	Ich 14
8. Sonraí Teagmhála	Ich 15

1. RÉAMHRÁ

1.1 Tá an Ráiteas Straitéise seo á fhoilsiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus cuimsíonn sé an tréimhse ó mhí Feabhra 2020 go dtí mí Eanáir 2023.

1.2 Tá sé mar aidhm leis an Ráiteas Straitéise seo cuntas a thabhairt ar phríomhspricanna na hOifige don tréimhse trí bliana amach romhainn.

1.3 Is oifig neamhspleách, reachtúil í Oifig an Choimisinéara Teanga a bunaíodh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é Uachtarán na hÉireann a cheapann an Coimisinéir Teanga¹ ar chomhairle an Rialtais tar éis do Thithe an Oireachtais rún a rith ag moladh an cheapacháin.

1.4 Ar an 12 Márta 2014, cheap Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín, Rónán Ó Domhnaill mar Choimisinéir Teanga, tar éis dó a bheith ainmnithe ag an Rialtas. Ghlac Tithe an Oireachtais (Dáil Éireann agus Seanad Éireann) d'aon ghuth leis an ainmniúchán.

1.5 Tá rún daingean ag Oifig an Choimisinéara Teanga na cúraimí reachtúla atá uirthi a chomhlíonadh agus seirbhísí ardchaighdeáin a thabhairt dár gcustaiméirí i gcomhréir leis na gealltanais atá inár gCairt Chustaiméirí. Tá tionchar ag ár gcaidreamh lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne agus comhlachtaí poiblí an Stáit, ar an Ráiteas Straitéise seo.

1.6 Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an Straitéis seo le linn a tréimhse trí bliana, go háirithe mar thoradh ar aiseolas ónár bpáirtithe leasmhara.

¹ Faoi alt 2 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: ciallaíonn "Coimisinéir", de réir mar a éilíonn an comhthéacs, Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla a bhunaítear le halt 20 nó sealbhóir na hoifige sin de thuras na huair.

2. FEIDHMEANNA

2.1 Is é aidhm an Achta deimhin a dhéanamh de go dtagann méadú ar chaighdeán agus ar líon na seirbhísí stáit i nGaeilge ar bhealach eagraithe i gcaitheamh tréimhse ama. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla i mí na Samhna 2011 agus foilsíodh ceannteidil do Bhille nua i mí Aibreáin 2014 agus na ceannteidil is deireanaí i mí na Bealtaine 2017. Foilsíodh an Bille le linn don Ráiteas Straitéise seo a bheith á ullmhú. Aithnítear go bhféadfadh tionchar a bheith ag Acht leasaithe ar fheidhmeanna an Choimisinéara.

2.2 Mar achoimre, feidhmíonn Oifig an Choimisinéara Teanga mar ghníomhaireacht comhlíonta agus mar sheirbhís ombudsman agus cuireann sí comhairle ar fáil maidir le cearta agus dualgais teanga.

2.3 Leagtar amach feidhmeanna Oifig an Choimisinéara Teanga in alt 21 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Go sonrach, tá dualgas ar Oifig an Choimisinéara Teanga:

- Monatóireacht a dhéanamh ar mar a chomhlíonann comhlachtaí poiblí forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla agus gach beart riachtanach a ghlacadh le cinntiú go bhfuil comhlachtaí poiblí ag cloí lena gcuid dualgas faoin Acht.
- Imscrúduithe a dhéanamh ar thionscnamh an Choimisinéara Teanga, ar iarratas ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó mar thoradh ar ghearán i gcásanna ina gcreidtear go bhfuil teipthe ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá sé de cheart freisin ag an gCoimisinéir Teanga aon ghearán bailí a fhiosrú i gcás líomhaintí faoi shárú ar fhorálacha d'achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge.
- Comhairle a chur ar an bpobal maidir lena gcearta teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- Comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

2.4 Chomh maith leis sin, tá dualgas ar Oifig an Choimisinéara Teanga:

- Tuarascáil bhliantúil ar a cuid oibre a sholáthar don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta lena leagan os comhair Thithe an Oireachtais.
- Cuntais bhliantúla airgeadais na hOifige a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus na cuntais sin a sholáthar don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta lena leagan os comhair Thithe an Oireachtais.

2.5 Tá dualgas de réir dlí ar an gCoimisinéir Teanga a bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna.

3. RÁITEAS MISIN agus LUACHANNA

3.1 RÁITEAS MISIN

Ráiteas Misin

Tá an ráiteas misin seo a leanas ag Oifig an Choimisinéara Teanga:

Seirbhís neamhspleách d'ardchaighdeán a chur ar fáil i gcomhlíonadh ár ndualgais reachtúil le cinntiú go ndéanann an státchóras beart de réir a bhriathair maidir le cearta teanga.

Cothrom na Féinne a chinntiú do chách trí ghearáin maidir le deacrachtaí teacht ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge a láimhseáil ar bhealach atá éifeachtach, gairmiúil agus neamhchlaonta.

Eolas soiléir, cruinn a chur ar fáil:

- don phobal maidir le cearta teanga, agus
- do chomhlachtaí poiblí maidir le dualgais teanga.

Is é mana na hOifige: Ag Cosaint Cearta Teanga.

3.2 LUACHANNA

3.2.1 Leas an phobail

Feidhmeoidh an Oifig i gcónaí chun leasa an phobail. Beifear coinsiasach den dualgas atá ar an Oifig ardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil don phobal a dhéanann gearán linn agus iad ag lorg seirbhísí ón Stát ina rogha teanga oifigiúla.

3.2.2 Neamhchlaontacht

Déanfaidh an Oifig gach iarracht a bheith neamhchlaonta i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna. Féachfar le brí fhíor agus chothrom a bhaint as na dualgais reachtúla a eascraíonn as an Acht nó as aon achtachán eile a bhaineann le húsáid nó le stádas na dteangacha oifigiúla.

3.2.3 Ionracas / Macántacht

Ní bheidh an Coimisinéir Teanga ná aon bhall foirne de chuid a Oifige faoi chomaoin ag eagraíochtaí seachtracha ná ag daoine aonair maidir le cearta agus dualgais teanga a thagann faoi scáth na reachtaíochta.

3.2.4 Trédhearcacht

Beidh sé mar chleachtas ag an Oifig a oiread eolais agus is féidir a bhaineann le gnóthaí na hOifige a chur ar fáil go poiblí. Cloífead le srianta riachtanacha ó thaobh ábhair a bhaineann le comhlíonadh fheidhmeanna na hOifige a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.

3.2.5 Comhsheasmhacht

Déanfaidh an Oifig gach iarracht a bheith comhsheasmhach ó thaobh na léirmhínte a bhaintear as an reachtaíocht. Is gá a aithint gur féidir le roinnt forálacha reachtúla a bheith casta agus dá réir gur féidir, i gcásanna eisceachtúla, go dtiocfadh athrú ar léirmhínte na hOifige. I gcásanna den chineál sin déanfar gach iarracht dearcadh na hOifige a mhíniú go soiléir.

3.2.6 Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Leagtar dualgas ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, aird chuí a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas. Tá an Oifig seo ag glacadh cur chuige réamhghníomhach leis an dualgas sin a chur i bhfeidhm.

Is é croílár ár gcuid oibre ná cearta teanga an tsaoránaigh a chosaint. Cothaítear leis sin tuiscint ar leith i measc na foirne i dtaobh meas ar chearta an duine. Le linn na bliana 2019, chinntíomar go ndearna foireann uile na hOifige cúrsa oiliúna ar líne i dtaca le rochtain, chun feasacht na heagraíochta a ardú. Tá sé beartaithe tógáil ar an oiliúint sin sna trí bliana seo romhainn, trí mheasúnú a dhéanamh ar céard iad na ceisteanna cearta daonna agus comhionannais atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus sainaitheofar beartais, pleananna agus gníomhartha atá le glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Áireofar ár mbeartais inmheánacha agus ár nósanna imeachta inmheánacha sa phróiseas sin. Nuair a ghlactar leis na beartais agus gníomhartha sin, cuirfear córas i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

4. TIMPEALLACHT: LÁIDREACHTAÍ agus DÚSHLÁIN

An Timpeallacht ina bhfeidhmíonn an Oifig

Is Oifig reachtúil neamhspleách í Oifig an Choimisinéara Teanga a bhfuil feidhmeanna sonracha le comhlíonadh aici faoin Acht. Tá sé mar chuspóir leis an Acht féin feabhas a chur ar sholáthar na seirbhísí poiblí trí Ghaeilge ach leagtar dhá phríomhchúram ar an Oifig seo:

- déileáil le gearáin ón bpobal, agus
- monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta.

Níl aon ról ag an Oifig ó thaobh seirbhísí taca a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí (cé is moite de chomhairle a chur orthu), monatóireacht a dhéanamh ar bheartais teanga an Stáit ná comhairle a chur ar an Aire i dtaca le soláthar na seirbhísí poiblí trí Ghaeilge. I measc na bpríomhghnéithe a bhaineann leis an timpeallacht ina bhfeidhmímid tá:



Eascaíonn deiseanna agus dúshláin as an timpeallacht ina bhfeidhmíonn Oifig an Choimisinéara Teanga, rud a imríonn tionchar ar ár láidreachtaí agus ár laigí. Tá tionchar soiléir ag an timpeallacht sin agus ag tosa éagsúla, a bhfuil go leor acu taobh amuigh dár smacht féin, ar ár straitéis.

4.1 Stádas na Gaeilge agus Beartas an Stáit

Faoi Bhunreacht na hÉireann is í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus céad teanga oifigiúil na tíre. Is teanga oifigiúil de chuid na tíre an Béarla chomh maith. Is é Acht na dTeangacha Oifigiúla an phríomhreachtaíocht teanga a d'achtaigh an tOireachtas agus é mar chuspóir leis an Ghaeilge a chur chun cinn sa tSeirbhís Phoiblí.

Gníomhóidh an Oifig i gcomhréir leis na feidhmeanna agus leis na cumhachtaí a shonraítear san Acht. Tá forálacha maidir le húsáid na dteangacha oifigiúla i gcuid mhaith reachtaíochta eile agus tá sé de chumhacht ag an gCoimisinéir Teanga neamhchomhlíonadh na bhforálacha sin a fhiosrú. Is faoi na cúirteanna amháin atá sé cinntí a dhéanamh maidir le haon dualgas teanga a eascaíonn as an mBunreacht.

Ó tharla nach achtacháin iad an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006 (príomhbheartais an Stáit i leith na Gaeilge) ní thagann siad faoi dhlínse na hOifige.

4.2 Pobal labhartha na Gaeilge

Tugann an daonáireamh a dhéantar gach cúig bliana léargas ar líon na gcainteoirí Gaeilge agus na daoine is mó a mbeifí ag súil leis a bheadh ag lorg seirbhísí poiblí i nGaeilge.

Is mar seo a leanas atá príomhshonraí na ndaonáireamh sin:

	2016	2011	Athrú %
Líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge acu	1,761,420	1,774,437	(0.7%)
Líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais	73,803	77,185	(4.4%)
Líon na gcainteoirí seachtainiúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais	111,473	110,642	0.8%
Líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais – Gaeltacht	20,586	23,175	(11.2%)
Líon na gcainteoirí seachtainiúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais – Gaeltacht	6,284	6,813	(7.8%)

Ar cheann de chuspóirí dearbhaithe na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge tá líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí Stáit as Gaeilge a ardú. Cé go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go bhféadfadh an straitéis rialtais seo dlús a chur leis an méadú ar úsáid agus ar sholáthar seirbhísí i nGaeilge, is cinnte go mbraitheann sé sin ar thoradh na ngníomhachtaí a chuirfear i bhfeidhm faoin straitéis sin.

4.3 Forálacha an Achta

Leagann forálacha an Achta dualgais ar chomhlachtaí poiblí, a thagann faoi scáth an Achta, réimse seirbhísí a chur ar fáil sna teangacha oifigiúla. Is féidir idirdhealú a dhéanamh ar na dualgais sin mar:

- dualgais dhíreacha a bhaineann le gach comhlacht poiblí;
- rialacháin a bhaineann le comharthaíocht, stáiseanóireacht agus fógairtí taifeadta béil;
- scéimeanna teanga a dhaingníonn an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le comhlachtaí poiblí.

Tá forálacha san Acht freisin a bhaineann le húsáid na dteangacha oifigiúla i dTithe an Oireachtais, achtanna an Oireachtais, riaradh an cheartais agus logainmneacha oifigiúla.

4.4 Acht Leasuithe

Sa bhliain 2011 a fógraíodh ar dtús go raibh athbhreithniú le déanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla. Ó shin, foilsíodh ceannteidil do Bhille nua sa bhliain 2014 agus arís sa bhliain 2017. Foilsíodh Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) i mí na Nollag 2019. Is céim thábhachtach é foilsíú an Bhille agus beidh deis ag an Oireachtas an méid atá ann a mheas agus leasuithe a mholadh más cuí sin.

Le roinnt blianta anuas, tá trí phríomh-mholadh déanta ag an gCoimisinéir Teanga maidir leis na leasuithe atá de dhíth ar an Acht:

- córas caighdeán teanga in áit chóras na scéimeanna teanga;
- socruithe daingne a dhéanamh chun líon na n-oibrithe le Gaeilge sa tseirbhís phoiblí a mhéadú;
- go mbeadh réimse cuimsitheach seirbhísí Stáit ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

Mhol sé freisin go dtabharfaí aghaidh ar roinnt leasuithe eile ar nós an ceart go mbeadh duine in ann ainm agus seoladh a úsáid i nGaeilge nuair a bheifí i mbun cumarsáide leis an Stát. Chomh maith leis sin, tá an deis ann féachaint ar fheidhmeanna an Choimisinéara Teanga a leathnú chun go bhféadfaí tabhairt faoi obair ar nós faireachán a dhéanamh ar fhorálacha in achtacháin eile a bhaineann le húsáid nó le stádas na dteangacha oifigiúla, i measc gnéithe eile.

Tugtar cuntas ar laigí an Achta reatha sna tráchttaireachtaí a eisíodh ar fheidhmiú an Achta: <https://www.coimisineir.ie/trachttaireacht?lang=GA>

Ar fhoilsiú an Bhille nua d'eisigh an Coimisinéir Teanga an preasráiteas seo a leanas a léirigh a dhearcadh ar an méid atá ann:

[https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/Preas%20R%C3%A1iteas%20-%20Bille%20na%20dTeangacha%20Oifigi%C3%BAla%20\(Leas%C3%BA\).pdf](https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/Preas%20R%C3%A1iteas%20-%20Bille%20na%20dTeangacha%20Oifigi%C3%BAla%20(Leas%C3%BA).pdf)

4.5 Acmhainn Seirbhísí a chur ar fáil

Chun gur féidir réimse sásúil seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge luíonn sé le réasún, ar ndóigh, gur gá go mbeadh dóthain foirne le Gaeilge ag obair sna comhlachtaí poiblí éagsúla. Aithnítear an méid sin in Acht na dTeangacha Oifigiúla agus freisin sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ina dtagraítear don ghá go n-aithneofaí poist lena mbainfeadh riachtanas Gaeilge i scéimeanna teanga. San earnáil Stáit is fíor go mbíonn roinnt comhlachtaí poiblí dírithe ar sheirbhísí a sholáthar go díreach don phobal agus cinn eile a bhíonn dírithe níos mó ar fhorbairt beartais.

Léirigh iniúchadh² a rinne an Oifig seo sa bhliain 2018 nach raibh ach 550 duine as 21,000 fostaí de chuid na ranna rialtais a bhí aitheanta mar fhoireann le hinniúlacht sa Ghaeilge. Tá an líon sin faoi bhun 3% d'fhoireann na ranna rialtais a scrúdaíodh.

Go dtí go dtabharfar aghaidh ar an mbun-riachtanas sin is deacair a bheith muiníneach go gcuirfeadh réimse leathan seirbhísí poiblí ar fáil trí Ghaeilge ar comhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla.

4.6 Gréasán Idirnáisiúnta

Feidhmíonn an Coimisinéir Teanga mar Ombudsman ag a bhfuil freagrachtaí ó thaobh cúrsaí teanga i roinnt dlínsí eile ar fud an domhain. Tá an Oifig seo mar bhall gníomhach de Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga a bunaíodh in Éirinn sa bhliain 2013. Cuireann an gréasán sin deis ar fáil do Choimisinéirí Teanga agus na hoifigigh a oibríonn leo eolas a fháil ar an gcur chuige a ghlactar i ndlínsí eile.

² Tuarascáil Faireachán 2018 –

https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail_Faireachain_2018.pdf?lang=GA

Láidreachtaí

Fócas soiléir	Sainítear ról Oifig an Choimisinéara Teanga go soiléir i reachtaíocht. Ciallaíonn sé sin gur féidir linn díriú go heisiach ar na feidhmeanna reachtúla a thugtar dúinn.
Stádas reachtúil	Mar thoradh ar an stádas reachtúil a thug an tOireachtas d'Oifig an Choimisinéara Teanga, is féidir linn dul i mbun oibre le cinnteach. Ciallaíonn sé sin gur féidir linn leas iomlán a bhaint as an stádas reachtúil sin sa chás go bhfuil sé sin riachtanach le cinntiú go gcloítear le forálacha na reachtaíochta teanga. Ina ainneoin sin, is é ár gcur chuige ar an gcéad dul síos oibriú i gcomhpháirtíocht agus i gcomhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara.
Foireann thiomanta	Cé go bhfuil na háiseanna foirne atá ar fáil d'Oifig an Choimisinéara Teanga thar a bheith teoranta, tá sé de bhuntáiste ag an Oifig go bhfuil foireann thiomanta ag obair inti atá solúbtha, díograiseach agus rún daingean acu torthaí a bhaint amach. Leis na dualgais bhreise a bheadh ag eascirt as leasuithe ar an mBille, ba ghá breis foirne a earcú san Oifig.
Pobal teanga	Tá pobal Gaeilge in Éirinn, lena n-áirítear daoine aonair agus gréasáin cainteoirí Gaeilge ar fud na tíre, mar aon le pobail Ghaeltachta, áit arb í an Ghaeilge an phríomhtheanga phobail gan stad gan staonadh le 2,000 bliain anuas. Cé go n-aithnítear an brú teanga atá ar cheantair Ghaeltachta, fós féin, is láidreacht aitheanta iad a bheith ann i gcónaí.
Dea-mhéin	Tá go leor daoine san earnáil phoiblí in Éirinn atá tiomanta don chomhionannas, lena n-áirítear cearta lucht labhartha na Gaeilge a dteanga náisiúnta a roghnú lena húsáid. Is láidreacht thábhachtach í an dea-mhéin sin.

Dúshlán

Athbhreithniú ar an Acht	Is é an dúshlán atá ann ná an tAcht a chur in oiriúint dá fheidhm chun go ndeimhneofar cearta phobal labhartha na Gaeilge seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a fháil ina dteanga dhúchais.
Muinín phobal na Gaeilge	Tá an baol ann go gcaillfidh lucht labhartha na Gaeilge muinín i gcumas na seirbhíse poiblí freastal orthu i nGaeilge, go háirithe mura bhfuil bunús reachtúil dóthanach ann chun an méid sin a chinntiú. Léirigh an tráchtareacht a rinneadh ar chóras na scéimeanna teanga sa bhliain 2017 go bhfuil scéimeanna á ndaingniú nach bhfuil aon téagar iontu agus is gá aghaidh a thabhairt air sin.
Leochaileacht na Gaeltachta	Léiríonn torthaí dhaonáireamh 2016 agus saothair taighde a foilsíodh le blianta beaga anuas staid leochaileach na Gaeilge sa Ghaeltacht. Cé gur dócha go leanfaidh go leor daoine orthu ag labhairt na Gaeilge, tá dlús nó tairseach chriticiúil riachtanach chun go bhfanfadh an teanga beo mar theanga phobail. Beidh an-dúshlán ag baint le deimhin a dhéanamh de go gcuirtear deireadh leis an meath ar úsáid na teanga agus le tuilleadh creimthe ar phobail Ghaeltachta.
Acmhainní dóthanacha	Tá méadú tagtha ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil don Oifig le cúpla bliain anuas ach tá sí fós ar cheann de na hOifigí Stáit is lú sa tír. Caithfear a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil don Oifig ionas gur féidir feidhmeanna na hOifige a chur i gcrích.

5. SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

Sprioc 1

Feidhmeanna na hOifige a chomhlíonadh ar ardchaighdeán

- Cuirfimid cleachtas maith oibre i bhfeidhm chun go bhfreastalófar ar bhail den phobal, ar chomhlachtaí poiblí agus ar pháirtithe leasmhara eile go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- Leagfar béim ar fhoireann oilte agus eolach a bheith ag feidhmiú san Oifig le tuiscint mhaith ar na dualgais reachtúla teanga atá le comhlíonadh ag comhlachtaí poiblí.
- Cloífead le dea-chleachtais oibriúcháin, cóid chleachtais agus nósmaireachtaí rialachais chun go gcinnteofar go ritear an Oifig go maith.
- Beifear coinsiasach i gcónaí den riachtanas go gcuirfí eolas cruinn ar fáil agus go ndéanfaí é sin i dtréimhse réasúnach ama agus i gcomhréir lenár gCairt do Chustaiméirí.

Sprioc 2

Cosaint a thabhairt de réir mar is cuí do chearta teanga lucht labhartha na Gaeilge

- Déanfaimid é sin trí sheirbhís neamhchlaonta ombudsman a sholáthar chun gearáin maidir le sárú cearta teanga a fhiosrú.
- Déanfaimid iarracht, i gcás gur féidir é, gearáin a réiteach trí chóras réitigh gearán neamhfhoirmiúil mar an chéad chéim, seachas trí imscrúduithe foirmiúla.
- I gcásanna go bhfuil sé riachtanach imscrúduithe foirmiúla a thionscnamh, déanfaimid iad a réachtáil ar bhonn neamhspleách, cothrom, neamhchlaonta agus i gcomhréir leis an gcreat reachtúil.
- Déanfaimid iarracht a chinntiú, nuair is cuí, go dtagann feabhsúcháin chórasacha mar thoradh ar ghearáin a réiteach, rud a laghdóidh an fhéidearthacht go mbeidh tuilleadh gearáin chomhchosúla ann.

Sprioc 3

Ról gníomhach a ghlacadh in iarrachtaí chun cur le líon agus caighdeán na seirbhísí poiblí atá ar fáil i nGaeilge

- Cuirfimid comhairle ar chomhlachtaí poiblí maidir le bealaí ar féidir leo seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil don phobal agus roinnfimid eolas leo maidir le dea-chleachtais is féidir a leanúint.
- Cuirfimid an Roinn agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ar an eolas maidir le haon bhearta a fheictear dúinn a d'fhéadfadh a bheith cabhrach chun cur le líon agus caighdeán na seirbhísí poiblí atá ar fáil i nGaeilge.
- Oibreoidimid i bpáirt le comhlachtaí poiblí le cabhrú leo na gealltanais atá tugtha acu ina scéimeanna reachtúla teanga a chur i gcrích.
- Roinnfimid ár gcuid saineolais agus taithí maidir le feidhmiú an Achta, nó aon chuid de, i bhfoirm tráchtairachta nó ar shlí eile.

Sprioc 4

Neamhspleáchas reachtúil Oifig an Choimisinéara Teanga a chosaint, d'ainneoin cur chun cinn comhpháirtíochtaí agus comhoibriú le comhlachtaí poiblí, le cainteoirí aonair Gaeilge agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre.

- Cinnteoidimid nach dtarraingítear amhras ar neamhspleáchas reachtúil na hOifige fad is atáimid ag cothú caidrimh luachmhara le páirtithe leasmhara.
- Déanfaimid iarracht an dea-mhéin don Ghaeilge agus do lucht labhartha na Gaeilge san earnáil phoiblí a mhéadú trí oibriú i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phoiblí chun go gcuirfear leis an bhfeasacht ar na cearta atá ag daoine a rogha teanga oifigiúla a úsáid.
- Déanfaimid iarracht cur le tuiscint lucht labhartha na Gaeilge ar na dúshláin atá ann do chomhlachtaí poiblí seirbhísí a sholáthar i nGaeilge agus míniú a thabhairt ar an mbealach a bhfuiltear ag dul i ngleic leis na dúshláin sin.

6. CUR I BHFEIDHM

Cinntoidh cur i bhfeidhm na spriocanna sa Ráiteas Straitéise seo go mbeifear ag comhlíonadh fheidhmeanna reachtúla Oifig an Choimisinéara Teanga.

Tá sé riachtanach agus inmhianaithe go gcuirfí na ceithre sprioc i bhfeidhm le chéile mar gheall ar nádúr reachtúil na hOifige.

Leagtar amach cur i bhfeidhm na Straitéise seo inár bPlean Gnó bliantúil trí na táscairí feidhmíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla.

Braitheann cur i bhfeidhm éifeachtach na Straitéise seo ar thosca seachtracha lena n-áirítear soláthar dóthanach áiseanna, go háirithe foireann agus maoiniú.

Maoiníonn an tOireachtas Oifig an Choimisinéara Teanga trí vóta bliantúil na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Braitheann cur i bhfeidhm éifeachtach na Straitéise ar fhorbairt comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus ar chomhoibriú le réimse leathan comhlachtaí poiblí mar aon le heagraíochtaí Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre. Tá an Oifig seo ag tnúth leis na comhpháirtíochtaí sin a fhorbairt le linn chur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise seo.

7. MONATÓIREACHT agus ATHBHREITHNIÚ

Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an Ráiteas Straitéise seo de réir mar a thiocfaidh athrú ar thosca na hOifige.

D'fhéadfaí é a leasú mar thoradh ar aiseolas ónár bpáirtithe leasmhara.

Tá an Ráiteas seo á fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin www.coimisineir.ie.
Is féidir cóip chlóite, lena n-áirítear leagan le cló mór, a fháil ach í a iarraidh.

Tá an foilseachán seo á chur ar fáil go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, Gaeilge agus Béarla.

8. SONRAÍ TEAGMHÁLA

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Teanga mar seo a leanas:

An Coimisinéir Teanga
An Spidéal
Gaillimh
H91 VK23

Fón: 00353 91 504 006 nó 1890 504 006

Facs: 00353 91 504 036

Ríomhphost: eolas@coimisineir.ie

Suíomh: www.coimisineir.ie



@ceartateanga



<https://www.facebook.com/ancoimisineirteanga/>